


# COMHAD FÍRICÍ: DRÁMAÍOCHT GCSE

## Comhpháirteanna 1 agus 2



### Dearadh Fuaime

*"If music be the food of love, play on..." (Más é an ceol bia an ghrá, seinn leat ...")*  
(Twelfth Night).

#### Dul chun chinn ó EC3 go hEochairchéim 4

Ag EC3, measadh gur chóir do dhaltai bheith ábalta taighde a dhéanamh agus réimse faisnéise a bhainistiú go héifeachtach agus iad ag fiosrú mórcheisteanna. Bhíothas ag dúil leo cruthaitheacht agus tionscnaíocht a léiriú agus iad ag forbairt smaointe agus iad á gcur i bhfeidhm. Bhíothas ag dúil go mbeadh daltaí ag foghlaim an dóigh le hobair a dhéanamh go héifeachtach le daoine eile agus féinbhainistiú a léiriú.

Bítear ag dúil go mbeidh daltaí ábalta leanúint leo ag forbairt a dtacar scileanna ag EC4; ag obair ar a scileanna cumarsáide trí obair a dhéanamh go héifeachtach taobh istigh de shuíomh grúpa chomh maith le faisnéis a léirmhíniú, a anailísiú agus a chur i láthair ar réimse dóigheanna. Ba chóir go mbeadh daltaí ábalta cruthaitheacht agus samhlaíocht a thaispeáint agus iad ag dul i ngleic le téacs, spreagadh agus taighde; ag cur an lucht féachana san áireamh maidir lena gcuid smaointe a fhorbairt agus a fhíorú. Lena chois sin, ba chóir scileanna eile traschuraclaim a fhorbairt maidir le sonraí a anailísiú agus faisnéis a chur i láthair.

Ba chóir go mbeadh daltaí ábalta pleanáil, cuspóirí pearsanta a shocrú, comhoibriú taobh istigh de ghrúpa le spriocanna socráithe a bhaint amach agus obair ar aon fhadhbanna a bheadh ann a shárú.

#### Forbairt scileanna agus obair ghrúpa

Beidh daltaí ag obair i ngrúpa a bhfuil idir beirt agus seisear ann. Tá próiseas na cruthaithe agus na forbartha bunriachtanach agus baineann siad chomh mór sin leis an dalta deartha agus leis an dalta taibhithe.

Beidh daltaí ag obair ar an fhuaim iarbhir agus an láithreoireacht a fhorbairt go neamhspleách. Agus sin ráite, is cuid é seo de phróiseas grúpa níos mó. Is é a bheas i gceist leis an phróiseas seo, bheith ag obair taobh istigh de ghrúpa maidir le smaointe a shocrú, taighde a dhéanamh, plé a dhéanamh, forbairt a dhéanamh agus rudaí a fhíorú trí mheán na drámaíochta. Ní mór don dearadh maisiú a dhéanamh ar an script nó ar an phíosa cheaptha agus ba chóir go mbeadh sé eolasach, cruthaitheach, agus cruinn ó thaobh comhthéacs de le do roghanna cosanta.

Mar dhaltai:

Beidh sibh ag forbairt bhur bhfoclóra deartha agus beifear ag dúil go mbeidh sibh ábalta fuaim a phlé go heolasach; na staideanna fuaime féideartha a thuiscint agus fuaim a chur i bhfeidhm ar dhóigh eolasach. Beidh spriocphobal aontaithe leis an ghrúpa cheana féin agus pleanálfaidh tú do dheardh fuaime dá réir. Má tá tú ag obair ar an taibhiú Scriptithe, beidh ort taighde a dhéanamh ar scripteanna dráma agus i gcás dearadh a dhéanamh don cheapadh, taighde a dhéanamh ar an spreagthach.

**Obair Ghrúpa Mholta:**

- taighde a dhéanamh ar amharclannaíocht, stíl agus seánra;
- taighde a dhéanamh ar ábhair;
- taighde a dhéanamh ar chomhthéacs;
- aontú ar spriocphobal;
- rian a choinneáil den obair taibhithe;
- eagarthóireachtaí/radharcanna a phlé;
- smaointe don dearadh fuaime a phlé.

**Fuaim don Taibhiú Cheaptha: Comhpháirt 1**

Le linn an phróisis de do **dhearadh fuaime** don **taibhiú cheaptha** a chruthú, a fhorbairt agus a fhíorú, ba chóir duit comhad fianaise a thiomsú a dtig leat é a úsáid i do chur i láthair deiridh le tacú le do smaointe ar an dearadh fuaime. Cuireann an doiciméad seo in iúl an cineál fianaise ar chóir í a chur isteach.

**Torthaí Foghlama****Smaointe a chruthú**

Ba chóir go mbeadh daltaí deartha ábalta smaointe a chruthú trí thaighde a dhéanamh ar na rudaí seo a leanas:

- ábhair réamheisiúna;
- cleachtas gairmiúil an deartha fuaime;
- acmhainní agus ábhair atá ar fáil i bhforbairt a ndearthaí fuaime;
- réimse seánraí, stíleanna agus cleachtóirí.

**An tÁbhar Réamheisiúna**

Mar dhalta dearadh fuaime, beidh tú ag obair le grúpa a bhfuil idir beirt agus seisear ann le haon spreagthach a roghnú ó réimse de 3 cinn le do thaibhiú cheaptha a fhorbairt. I ndiaidh taighde a dhéanamh ar an spreagthach, tosóidh tú a obair ar fhorbairt na smaointe fuaime do charachtar amháin sa taibhiú cheaptha. Cuirfidh tú thú féin ar an eolas maidir leis an teicneolaíocht agus coinneoidh tú nótaí mionchruinne tríd síos. Beidh ort cur le plé an ghrúpa agus ionchur a thabhairt le lígean duit tuiscint a fháil ar an dóigh le plota fuaime a chruthú le ciúnna do cheithre staid fuaime. Le linn na tréimhse tosaigh cheaptha ba chóir duit taighde a dhéanamh ar na smaointe seo a leanas.

**(i) Forléargas ar Fhuaim agus Téarmaí Fuaime**

Úsáidtear fuaim le hatmaisféar a chruthú agus éifeacht ar leith a bhaint amach. Is féidir leis cuidiú leis an radharc a chruthú, suíomh, am agus áit a léiriú, chomh maith le haird a dhíriú ar charachtar nó ar mhothúchán. Tá trí chineál fuaime ann a úsáidtear de ghnáth san amharclann: Fuaim thaifeadta, maisíochtaí fuaime cruthaithe beo ar an stáitse agus fuaim bheo cruthaithe amach ón stáitse.

**Staideanna Fuaime**

Cruthaíonn dearthóirí fuaime an méid a chluineann an lucht féachana le linn taibhithe. Is féidir gur fuaim é seo atá de dhíth de réir na scripte nó cruthú dreach fuaime, maisíocht fuaime ar son atmaisféir nó ceol a chuireann béim ar radharc nó ar nóiméad. Úsáidtear fuaim le cuidiú le saol an taibhithe a chruthú.

**Staideanna fuaime féideartha**

**Maisíochtaí fuaime taifeadta insinte.** Ciallaíonn fuaim insinte gur fuaim í a dtig leis an charachtar ar an stáitse í a chluinstin agus freagairt di.

**Eiseamláir:** Maisíocht fuaime de theileafón.

**Maisíochtaí fuaime taifeadta neamhinsinte.** Is fuaimeanna iad seo nach dtig leis an charachtar iad a chluinstin, ach cuidíonn siad leis an mhothú nó an atmaisféar a fheabhsú.

**Eiseamláir:** Buille croí ag méadú agus ag laghdú leis an teannas ag ardú agus ag titim a léiriú i radharc.

**Ceol béime.** Seo nuair a sheinntear ceol i gcúlra radhairc, nóiméid nó lánmhúchta le hatmaisféar nó teannas a chruthú.

**Is ionann Fuaimdhreach** agus maisíochtaí fuaime a úsáid, bíodh siad beo nó taifeadta, i nóiméad nó i radharc. Is féidir le húsáid fuaimdhreacha cur leis an atmaisféar, giúmar a chur in iúl, siombalachas a chruthú nó cuidiú le cúlra réalaíoch a shocrú. B'fhéidir go mbeadh taifeadadh agus fuaimeanna a mheascadh i gceist leis seo nó fuaimeanna a sheinm thar a chéile.

**Eiseamláir:** Guth agus cnaguirilís a úsáid leis an atmaisféar ag cluiche peile a athchruthú.

## Tionchair

Beidh ort smaoineamh go cúramach faoi **sheánra** agus **stíl** an dráma le do mhachnamh a dhéanamh ar do chuid smaointe don dearadh fuaime. Chomh maith leis sin, beidh ort smaoineamh ar an dóigh ar mhaith leat go n-amharcfadh an **lucht féachana** ar charachtar nó ar radharc ar leith agus ar an dóigh ar féidir fuaim a úsáid le cur leis sin. Más amhlaidh go bhfuil stíl do phársa réalaíoch, ansin beidh ort smaoineamh ar an dóigh is fearr leis seo a fheabhsú. B'fhéidir go mbeadh ort smaoineamh ar an fhuaim féin agus ar an tsuíomh as a bhfuil an fhuaim ag teacht.

*Sampla den tseánra agus den stíl:*

Taibhiú den stíl Commedia dell'Arte, is dócha go mbeadh sé fóirsteanach le haghaidh maisíochtaí fuaime níos áibhéilí, níos siombalaí nó níos teibí.

Mar shampla: nuair a thagann an bithiúnach aircitíopúil isteach déantar stíl bhagrach ceoil nó siosarnach a sheinm le gach teacht isteach aige a thionlacan. Is móitíf fuaime é seo a dtiocfadh leis bheith athfhillteach ar fud an taibhithe cheaptha.

B'fhéidir go n-imreodh **comhthéacs** agus **tréimhse ama** tionchar ar do dhearadh fuaime fosta. Stíleanna fuaime i.e. tá clingeacha gutháin athraithe go mór le caoga bliain anuas. B'fhéidir gur ghá duit smaoineamh ar **thagairtí cultúrtha** i bhfuaim i.e. Ceol cruitchláir le seasamh don tuath in Éirinn.

Ba chóir an fhuaim a phlé leis an **stiúrthóir** agus ba chóir dó bheith ag teacht le **stíl aisteoireachta** agus **dearadh** foriomlán an phársa. Níor chóir dearadh fuaime a fheiceáil leis féin, ach mar chuid de mhórphictiúr an léiriúcháin.

## Stair Taibhithe

### Na Gréagaigh

Bhaineadh na Gréagaigh úsáid as fuaim lena gcuid taibhithe a fheabhsú trí úsáid amhránaíochta, ceol beo agus óideanna córúla. Bhí an fhuaim thar a bheith maith mar gheall ar an dóigh ar dhearadh an t-amfaitéatair.

### Shakespeare

Le linn saol Shakespeare, baineadh úsáid as fuaim le héifeacht a chruthú agus leis an teanga a thionlacan maidir le cur síos a dhéanamh ar am, ar áit agus ar ghníomh.

Cruthaíodh gach fuaim beo ar an stáitse. Rinne fuaim na toirní trí dhromaí a bhualadh amach ón stáitse nó trí chaor ordanáis a rolladh trasna urlár na bhflaitheas os cionn an stáitse. Bhain roinnt compántas úsáid as meaisín toirní, bosca adhmaid a bhí ar mhaighdeog cosúil le crandaí bogadaí, a mbíodh caor ordanáis á rolladh ó cheann go ceann air le tormán toirní a dhéanamh.

Bhí ceol á sheinm ag na 'haisteoirí' ar an stáitse agus ba mhinic a bhíodh gléasanna ceoil amhail trumpaí, feadóga móra agus cruitchláir ann.

## Na 1900idí ar aghaidh

Scríobh Chekhov, Ibsen agus Shaw éifeachtaí casta fuaime ina gcuid saothar agus a fhad leis na 1900idí, cruthaíodh iad seo le meáin mheicniúla nó leis an ghuth agus d'fhéadfadh meaisíní fuaime, boscaí fearthainne agus leatháin mhiotail le toirneach a chruthú a bheith i gceist leo.

Ní go dtí an dara leath den fhichiú haois a bhí muid ábalta fuaim a thaifeadadh agus a sheinm ar ais.

### Gníomhaíocht Foghlama:

Do thaighde féin a dhéanamh maidir le dearadh fuaime reatha taobh istigh de thaibhiú amharclainne. Bain úsáid as na ceisteanna seo a leanas mar threoir.

1. Cad iad na gnéithe tábhachtacha den dearadh fuaime san amharclann?
2. Cad é mar a thosaíonn an dearthóir fuaime ar an phróiseas deartha?
3. Cad iad na smaointe cruthaitheacha a thugann tú chuig coincheap foriomlán an léiriúcháin?
4. Cad é mar a rachaidh cúlra, seánra agus stíl i bhfeidhm ar do smaointe?

Agus tú ag ullmhú don láithreoireacht deiridh:

Cuir achoimhre ar thaighde ar an spreagthach réamheisiúna, ar thionchair ó smaointe deartha agus ó chleachtas gairmiúil i láthair.

## Cineálacha fuaime

### Ceol:

- Tá ceol luachmhar maidir le hatmaisféar a chruthú agus a shainmhíniú. Is minic a osclaíonn nó a dhruideann dráma le ceol. Thig le liric, rithim nó luas an cheoil cuidiú le téama nó smaoinemh a léiriú;
- Is féidir ceol a úsáid mar chúlra ach níor chóir dó baint den aicsean ná bheith á sheinm ró-ard thar dhialóg, mar is féidir leis sin cur isteach ar an lucht féachana;
- Ba chóir cead a iarraidh léiriú poiblí a iarraidh ar an chomhlachas chúí.

### Éifeachtaí Fuaime:

- Is féidir éifeachtaí fuaime taifeadta agus beo a úsáid le hatmaisféar a chruthú agus le cuidiú leis an mhothúchán a chruthú ar an stáitse. Baintear úsáid as na litreacha *FX* in áit na bhfocal maisíochtaí fuaime agus leathán ciúnna á scríobh.

### Fuaimdhreach:

- Feidhmíonn an grúpa mar cheolfhoireann a chruthaíonn fuaimdhreach lena nguthanna, le réada nó le cnaguirilísí. Tá na fuaimeanna cisealaithe ar bharr a chéile le fuaimdhreach a chruthú. Is féidir iad seo a mheascadh le ceol nó le héifeachtaí taifeadta agus is féidir an fuaimdhreach foriomlán a thaibhiú beo nó a thaifeadadh.

## (v) CIÚNNA

### Ciúnna Fuaime:

- Ba chóir go mbeadh liosta ciúnna fuaime ag gach léiriúchán ionas go bhfuil na hamanna cruinn agus go bhfuil cleachtadh maith déanta leis ‘an nóiméad’ a bhualadh.
- Ba chóir ciúnna a liostú in ord ar leathán ciúnna. Taobh le gach uimhir ciú, ba chóir go mbeadh an líne den dialóg nó an gníomh liostaithe.

### Eiseamláir:

Uimhir Ciú	Ciú	Sonraí	Fad ama
Ciú 1	Maisie: Tá an caisleán seo millteanach scanrúil.	FX fuaim toirmí, rian 3, CD éifeachtaí 7.	Céimniú amach i ndiaidh 8 soicind.
Ciú 2	Barny: Stad, cad é sin?	FX beo fuaime, scread mhúchta ó thíos stáitse ar chlé.	Trí shoicind.
Ciú 3	Spotsolas ag céimniú suas ar Dracula.	Gearrhóg ullmhaithe, eagraithe de cheoil veidhlín.	Fiche soicind.

## (vi) Trealamh Féideartha:

- **Seinnteoír CDanna** – seinneann CDanna a cruthaíodh don taibhiú.
- **Seinnteoír Miondiosca** – is féidir é a úsáid le fuaim/ceol a sheinm nó a thaifeadadh.
- **Riomhaire glúine/riomhaire** – is féidir é a nascadh leis an deasc fuaime agus a úsáid le fuaim a sheinm a bhí stóráilte agus tiomsaithe don taibhiú.
- **Deasc mheasctha/deasc rialaithe fuaime** – ligeann don dearthóir gach gné den fhuaim a rialú ar an stáitse.
- **Aimplitheoir** – an chuid is mó de na deasca measctha, beidh aimplitheoir ionsuite iontu.
- **Callairí** – is gnách go gcuirtear iad go hard ag taobhanna an stáitse. Is féidir iad a phlugaíl isteach sa deasc mheasctha le rialú cruinn a thabhairt ar chéimniú isteach agus ar chéimniú amach.
- **Micreafóin ar Crochadh** – curtha os cionn an achair aisteoireachta le gutha na n-aisteoirí a thógáil agus iad ar an stáitse.
- **Micreafóin Láimhe** – is féidir leis an aisteoir iad a úsáid, ach ní mór gur de chaighdeán ard iad, nó beidh aisfhotha ann.
- **Micreafóin Raidió** – micreafóin bheaga a chaitheann aisteoirí aonaracha. Tá siad tuairim is 3 cm ar fad. Is féidir iad a ghreamú ar an fheisteas in aice leis an scornach.
- **Leabhar Leideanna** – scrípt anótáilte le do chuid nótaí ar an fhuaim.

### Acmhainní

<http://www.associationofsounddesigners.com/whatis>

## Deasc Fuaime/Deasc Rialúcháin



© WillMidgeley\_iStock\_ThinkstockPhotos

### Gnéithe Tábhachtacha den Deasc

Ionchuir Aonair

Máistir-rialtán airde fuaime

Meán

Nearthú

Aisfhuaimnithiú

Dord

Rialtán Sleamhnáin Airde Fuaime

Tribile

Peanáil

### Gníomhaíocht Foghlama:

Cad é an trealamh atá ar fáil duit le fuaim a chruthú?

- Liostaigh an trealamh atá ar fáil duit.
- Na cineálacha fuaime a d'fhéadfadh a bheith de dhíth.
- Liostaigh na staideanna giúmar agus mothúchánacha i ngach radharc/nóiméad.
- Smaoinigh ar chineál, ar fhad, ar airde, ar fhuaimíocht, ar uillinneacha fuaime (tulra, taobhanna, taobh thiar den lucht féachana.)
- Smaoinigh ar úsáid ceol le linn dorchuithe srl.
- Cuspóir na fuaime – Siombalachas, praiticiúlacht nó atmaisféar.
- Cad é mar a dhéanfaidh tú an fhuaim a thiomsú?
- Bain úsáid as leabhar leideanna/script anótáilte.

## (vii) Cén stíl atá ar an fhuaim?

Baineann léiriúcháin amharclannaíochta úsáid as réimse stíleanna agus ní mór don dearthóir fuaime stíl fhoriomlán an léiriúcháin a thuiscint agus freagairt di. Má thugtear stíl, beidh muid ábalta fuaime agus fuaimdhreacha imchuí a chur i dtoll a chéile.

### Stíl Réalaíoch

Léiriú réalaíoch, sin léiriú a dhéanann iarracht aithris a dhéanamh ar an tsaol mar atá. Is féidir leis an réalachas a bheith iomlán nó neamhiomlán. Is é atá i gceist le réalachas iomlán, léiriú a chruthú atá chomh cóngarach agus is féidir don fhíorshaol. Mar sin de, ní mór do dhearthaí fuaime do na léiriúcháin seo aithris a dhéanamh ar fhuaimneanna san fhíorshaol. Leis an réalachas neamhiomlán, cuirtear eilimintí réalaíocha isteach i léiriúchán nach bhfuil go huile agus go hiomlán réalaíoch ag úsáid eilimintí fuaime ar meascán iad den réalachas agus den neamhréalachas.

### Stíl íostach

Is é atá i gceist leis seo ná spás saor nach bhfuil ach beagán fearas nó gléasanna radharcra iontu. An stíl seo, tá sé ag brath ar na haisteoirí an t-aicsean a stiúru agus éifeacht dhrámatúil a chruthú. Is féidir leis an fhuaim cuidiú go mór sa chomhthéacs seo leis an radharc, an suíomh nó an cúlra a shocrú.

### Siombalachas

Léiriúcháin shiombalaíocha, tá siad dírithe ar smaoineamh a chur in iúl don lucht féachana in áit an fíorshaol a chur i gcéill nó a léiriú. An siombalachas, cuireann sé ar a chumas don dearthóir fuaime dearadh a chruthú a chuireann smaointe nó coincheapa in iúl don lucht féachana trí fhuaim ar leith a roghnú nó fuaimdhreach teibí a chruthú a thugann smaoineamh ar leith le fios.

### Draíocht/Fantaisíocht

Léiriúcháin fantaisíochta agus draíochta, ligeann siad don dearthóir dearadh a dhéanamh do shaol nua agus fuaimdhreacha nuálacha agus corraitheacha a chruthú. Cé go bhfágann seo níos mó cruthaitheachta ag an dearthóir fuaime, caithfidh ciall a bheith leis an dearadh go fóill; ní mór go bhfuil an lucht féachana ábalta an píosa a leanúint agus dul i ngleic leis an léiriúchán.

## Cad é faoin lucht féachana?

Agus tú ag dearadh fuaime, ní mór duit smaoineamh ar an lucht féachana agus ar an tionchar agus ar an éifeacht a bheith aici.

- Smoinigh ar an áit a bhfuil an lucht féachana ina suí;
- An caidreamh atá tú ag iarraidh a chruthú idir an lucht féachana agus an t-aisteoir;
- Stíl an stáitsithe.

## Smaointe Deartha agus cleachtóirí

### Dearadh nua-aimseartha fuaimdhreacha

Is cineál amharclannaíochta dá chuid féin é an dearadh fuaime anois. Fuaimdhreacha nua-aimseartha, is ealaín iad chomh mór leis an aisteoireacht ar an stáitse.

Bhí ról láidir ag taighde **Ross Brown** maidir le fuaime amharclannaíochta a mhúnlú ina disciplín shainiúil. Tá ról nua ag an fhuaim san amharclannaíocht anois in áit díreach cur leis an aicsean. Ní hé nach bhfuil san fhuaim ach cuid den ‘mise en scène’, ach is cuid thábhachtach den léiriúchán í.

### Acmhainní:

<http://www.garethfry.co.uk/qas-for-students/>

[http://www.hcs.harvard.edu/~htag/handbook/?q=wiki/sound\\_systems](http://www.hcs.harvard.edu/~htag/handbook/?q=wiki/sound_systems)

[http://www.bbc.co.uk/newtalent/drama/advice\\_diey.shtml](http://www.bbc.co.uk/newtalent/drama/advice_diey.shtml)

## Cleachtas gairmiúil

An dearthóir fuaime Christopher Shutt, dhear sé an fhuaim do ‘*War Horse*’, agus ghnóthaigh sé duais *Tony* as an obair sin.

“An aidhm a bhí againn, go mbeadh na hainmhithe iontacha seo [na capaill] beo ó thaobh gutha de chomh maith leis an ghné fhíseach. Tá féith láidir den tsaorgacht ag baint leis na capall a léiriú mar phuipéid agus aisteoirí á n-oibriú cheana féin. Agus mé ag leanúint an chur chuige seo, níor úsáid mé ‘fíor’-fhuaim ach chruthaigh mé éifeachtaí nádúraíocha le léirmhíniú a thabhairt de rud éigin cosúil leis an fhíor-rud.”

Is beag úsáid a bhain Shutt as fuaim thaifeadta, ach ina áit sin, dhírigh sé ar na haisteoirí agus ar a bhfuaim bheo ar stáitse. “Níl ann ach aon taifeadadh amháin de chapail gafa ar an tsreang dheilgneach i bpian, a roghnaigh mé gan é a úsáid. Ina áit sin, d’fhorbair na haisteoirí ‘teanga chapail’ a rinne siad beo agus bhí sin i bhfad níos fearr ná fuaimrian a úsáid. Tá an triúr puipéadóirí ag déanamh fhuaimanna an chapail – an t-anáilú, séideadh, seitreach agus screadach – agus ceaptar iad ceann ar cheann le micrefóin raidió aonair. Ina dhiaidh sin, bíom ag plé leis an triúr mar a bheadh aon ghuth amháin ann.” In agallaimh, pléann sé nach bhfuil ach fíorbheagán taifeadtaí ann de chathanna sa Chéad Chogadh Domhanda, agus luann sé gur dúshlán a bhí ann léiriú fíor a dhéanamh ar an chogadh sna trinsí.

“Ní raibh ábhar bunaidh agam agus mar sin, bhí orm bheith giota beag mí-aimseartha, agus úsáid a bhaint as meascán fuaimeanna a ionramháil mé ionas nach mbeadh an fhuaim orthu chomh nua-aimseartha sin. Tá daoine a tháinig slán as an Chéad Chogadh Domhanda rud beag gann na laethanta seo – mar sin de, tá mé ag brath ar a lán iarshaighdiúirí a tháinig slán ón Chéad Chogadh Domhanda gan theacht le mé a bhréagnú!” Bhí ar Shutt smaoinemh ar an dóigh leis an imbhuiladh idir an tanc agus an capall a dhéanamh agus é a dhéanamh drámatúil don lucht féachana.

“Tagann fuaim rianta an tainc ó challairí a rinneadh go speisialta a chaitheann na puipéadóirí ar a gcoirp i dtosach agus ag cúl an tainc féin. Tugann seo an t-éifeacht is fearr nuair atá sé cóngarach don lucht féachana, chomh maith le fuaim an innill a chur gach áit ar fud an halla éisteachta.”

## Cleachtóirí

Ba stiúrthóir/dearthóir Eilvéiseach é Adolphe Appia, a rugadh in 1862. Mhol sé gur chóir gach gné den dearadh agus den taibhiú bheith ag obair le chéile go harmónach. Bhí sé ag iarraidh go mbeadh an stáitsiú iontach simplí agus bhraith sé ar an cheol sa taibhiú leis an tsuíomh a chur in iúl don lucht féachana.

Níor thaitin seiteanna déthoiseacha péinteáilte leis, agus ina áit sin, roghnaigh sé seiteanna “beo” tríthoiseacha. Dhírigh sé ar sholas agus ar scáil le spás agus suíomh a chur in iúl chomh maith le ceol leis an mhothú a dhúiseacht. Chomh maith leis sin, d’úsáid sé ceol i dtaibhithe leis an tsuíomh a chruthú in áit seiteanna a bhí galánta ó thaobh aeistéitice de. Chreid sé sa Gesamtkunstwerk, a chiallaíonn, a bheag nó a mhór, ‘Saothar Ealaíne Iomlán’.

## Céimeanna i nDearadh Fuaime

- Beidh ort smaointe/script a fháil ó do ghrúpa;
- An t-atmaisféar/mothúchán a thuiscint ag nóiméid thábhachtacha;
- Taighde a dhéanamh ar an tréimhse ama agus comhthéacs;
- Machnamh a dhéanamh ar na maisíochtaí praiticiúla fuaime atá de dhíth i.e. guthán ag bualadh;
- Ceol a aimsiú a bhaineann leis an tréimhse ama agus leis an atmaisféar;
- Smaoinemh ar fhuaim bheo a bheadh de dhíth;
- Machnamh a dhéanamh ar an dóigh a ndéanfar fuaim na haisteoireachta agus na maisíochtaí ar an stáitse a aimplú;
- Machnamh a dhéanamh ar fhad agus ar airde na bhfuaimeanna;
- Machnamh a dhéanamh ar cheol teagmhasach nó saincheol d’athruithe radharca;
- Fuaimeanna agus éifeachtaí fuaime a bhailiú;



- Fuaimeanna a chur in ord agus a thiomsú;
- Leathán ciúnna a chruthú;
- Script oiriúnaithe a úsáid agus nótaí a dhéanamh tríd síos;
- CD/comhad fuaime ar ríomhaire a chruthú.

### Gníomhaíocht Foghlama:

Do thaighde féin a dhéanamh maidir le dearadh fuaime reatha taobh istigh de thaibhiú amharclainne. Bain úsáid as an fhaisnéis/na ceisteanna seo a leanas mar threoir.

1. Cé acu daoine gairmiúla/cleachtóirí a bhfaighidh tú inspioráid uathu?
2. An bhfuil na fuaimeanna praiticiúil, siombalaíoch srl?
3. Cé acu ceithre staid fuaime a chruthóidh tú agus cén dóigh?
4. Ceithre staid fuaime a chruthú, An bhfuil siad beo/taifeadta?
5. Cá has a dtiocfadh an fhuaim agus cad chuige?
6. An bhfuil tú ag úsáid micreafóin?
7. Leathán ciúnna a chruthú le do leabhar leideanna.

## 2. Smaointe a fhorbairt:

### Coincheap deartha a fhorbairt don taibhiú cheaptha.

Ba chóir gurb é an túsphointe leis an dearadh fuaime a chruthú ná plé a dhéanamh leis an ghrúpa agat. Ba chóir go léireodh do choincheap deartha go soiléir cuspóir foriomlán an tsaothair cheaptha agus ba chóir go nglacfadh sé san áireamh an seánra agus an stíl roghnaithe agus an tionchar a bheas ann ar an spriocphobal. Tá imlíne thíos ar fhorléargas ar an chuma a bheadh ar seo, bunaithe ar an spreagthach ‘Gan Dídean’:

**Seánra/stíl/struchtúr tofa** – réalachas agus dráma síceolaíoch. Líneach agus dírithe ar fhorbairt carachtair seachas ar an phlota.

Tá ár ndrámá ceaptha bunaithe ar an téama ‘gan dídean’. Ar dtús, rinne muid scrúdú ar roinnt grianghraf de chuid Lee Jeffries, a chuir iad i lár a chuid ealaíne mar ghrianghrafadóir.

Rinne sé sraith dhodhearmadta de phortráidí dubh agus bán de dhaoine atá ina gcónaí ar shráideanna san Eoraip agus sna SA. Tá scéal á insint i ngach pictiúr agus tá siad lán mothúchán.

Baineadh an íomhá mar gheall ar shrianta cóipchirt.  
Le hamharc ar an íomhá, cliceáil ar an nasc:  
<http://leejeffries.500px.com/homeless>

Lee Jeffries

Déanann an píosa seo imscrúdú ar an easpa deiseanna agus a dhodhéanta atá sé éalú ó na sráideanna. Tháinig ár mbunsmaointe fosta ón scéal a bhí ar nuacht Thuaisceart Éireann faoi dhá thacar de dhaoine gan dídean ar páirtneirí iad agus a fuair bás ar na sráideanna taobh istigh de mhí amháin. Chomh maith leis sin, fuair muid scéal fir a fuair bás nuair a dódh é i mBéal Feirste agus é ag codladh amuigh. Mar sin de, tá ailt nuachtáin, fíoragallaimh, filíocht agus amhráin úsáidte againn mar inspioráid leis an cheapadh agus an scríptiú a dhéanamh.

### Stíl

Baineann an píosa leis an tráma shíceolaíoch atá ar dhaoine atá gan dídean agus cuirtear i láthair é ar dhóigh réalaíoch, den chuid is mó, ach amháin seicheamh amháin den ghluaiseacht fhisiceach, ina labhraíonn muid ar an tsiombail de chlog ag ticeáil, a athraíonn ina píosa de cheol allabhrach.

### Forbairt na chéad smaointe fuaime

Sa tsraitheog gluaiseachta, bhí gluaiseacht mhall ar stíl bailé faoi lánúin agus iad á gcaitheamh amach as a dteach agus ag troid leis na húdaráis. Bhain an grúpa úsáid as an choincheap den scread gan fuaim agus ní raibh dialóg ar bith taobh istigh den phíosa, mar sin de, socraíodh gur chóir don cheol mothúcháin na péine, an scaoil agus an eagla a dhúiseacht. Bhí an grúpa ag iarraidh úsáid a bhaint as an chéad píosa ceoil ag an deireadh leis an aicsean a fhrámáil agus leis an nádúr chiorclach a bhaineann le bheith gan dídean a léiriú. Mar sin de, bhí orm píosa a aimsiú a chruthódh mothúchán den chineál chéanna ag an dá chuid, sa díshealbhú agus i radharc an bháis i ndeireadh an dráma.

### Mo thaighde ar cheol comhaimseartha agus ar oiriúnacht don lucht féachana

Bhí a fhios agam go raibh mé ag iarraidh an píosa seo a bheith nua-aimseartha le bheith fóirsteanach do lucht féachana comhaimseartha fásta. Shocraigh mé úsáid a bhaint as ‘Say something (I’m giving up on you)’ le doimhneacht phian na gcarachtar a léiriú agus iallach á chur orthu a dteach a thabhairt suas. Na focail “Anywhere I would have followed you.” Agus “I am feeling so small...it was over my head” mar na liricí

seo, thiocfaí iad a chur i bhfeidhm ar dhuine atá á chur as seilbh agus an t-éadóchas a bhaineann leis seo ó thaobh na mothúchán de. Thiocfaí iad a úsáid fosta do radharc an bháis i ndeireadh an dráma fosta nuair a chailleann duine de na carachtair an cath leis an tsaol agus mothaíonn an duine eile míshásta go bhfuil an duine eile i ndiaidh “Left them behind.”

### Roghanna fuaime/trealamh

Bhí a fhios agam go raibh mé ag iarraidh airde an phíosá a bheith ard agus beagnach ró-ard. De réir mar a d’fhorbair sraitheog na gluaiseachta, rinne mé turgnaimh le raon na hairde a athrú ag nóiméid thábhachtacha. Shocraigh mé an deasc mheasctha a úsáid leis an cheol a sheinm tríd ionas go dtiocfadh an fhuaim amach go díreach os comhair an lucht féachana. Ós rud é nach raibh dialóg ar bith sa phíosá, ní raibh orm bheith imníoch faoin fhuaim ag múchadh na dialóige. Mhol mé fuaime ticeála a úsáid i dtús an radhairc nuair atá an lánúin ina gcodladh le gné shiombalach a léiriú den am ag imeacht go gasta sula bhfuil siad le cur as seilbh agus leis an fhíric a léiriú go bhfuil siad i dteach, i ngnáthsheomra. Seomra atáthar ar tí é a bhaint díobh.

Shíl mé go gcuirfeadh an mhaisíocht fuaime seo le déine na staide agus go gcuirfeadh sé leis an mhothú den strus; chuirfeadh sé in iúl don lucht féachana an scaoll atá orthu agus léireadh sé nach bhfuil am ar bith ag an lánúin. Ba mhaith liom an fhuaim a bheith ag teacht ón chuid den stáitse a raibh an clog ann agus mar sin de, bhain mé úsáid as callaire iniompartha ceangailte de ríomhaire glúine agus rialaithe ó thaobh thiar den chuirín cúil. Bhí seo dúshlánach, mar bhí orm a chinntiú go raibh líne maithe radhairc don duine a bhí ag oibriú an trealamh fuaime ó thaobhanna an stáitse. Thairfeadh mé 15 soicind den chlog ag ticeáil, cé go bhféadfaí é a chéimniú síos i ndiaidh deich soicind, nuair a mhúsclaíonn agus a labhraíonn Gerry, an príomhcharachtar. Is deacair don aisteoir deich soicind a chuntas ar an stáitse, mar sin de, bhí orm taifeadadh beag breise a bheith agam ionas go dtiocfadh liom a chinntiú go dtiocfadh leis briseadh isteach ar fhuaim an chloig ag ticeáil.

An staid fuaime deiridh a chruthaíodh, ba fhuaimdhreach, a bhí ina mheascán d’fhuaim bheo agus d’fuaime thairfeadta. Thosaigh mé leis na haisteoirí ag cruthú fuaime daoine ag cabaireacht chomh maith le fuaimeanna eile ar nós siosarnaigh agus fuaimeanna gaoithe. Rinne mé na fuaimeanna seo a thairfeadadh ag úsáid taifeadóir Dictaphone agus bhí mé ábalta é seo a íoslódáil isteach ar mo ríomhaire glúine. Ansin, bhí mé ábalta úsáid a bhaint as an fhuaimdhreach seo mar chuid den tseó chomh maith leis an fhuaimdhreach a sheinm don radharc sráide gar do dheireadh an phíosá. Sheinn mé an mhaisíocht fuaime de mhadadh ag tafann ag úsáid CD éifeachtaí. Bhí mé ábalta an fuaimdhreach a chéimniú síos ó mo ríomhaire glúine ag an am chéanna leis an CD ag úsáid na deisce measctha.

### Tionchar ar an lucht féachana

Bhí muid ag iarraidh go mothódh an lucht féachana go ndeachaigh an rud a chonaic siad i bhfeidhm orthu go mothúchánach. Cé nach amharclannaíocht oideachasúil i, bhí súil againn go dtiocfadh leo roinnt tuisceana a fháil uaidh ar dhroch-chás na 15,000 teaghlach atá gan dídean i dTuaisceart Éireann. Maisíodh an scéal féin leis an cheol treascrach, le heilimintí den tsiombalachas in úsáid amhail an clog ag ticeáil, a léiríonn imeacht an ama agus an eagla a thagann leis sin. Baineadh úsáid as an fhuaimdhreach le réalachas a chur leis agus tuiscint den am agus den tsuíomh. Agus sin ráite, bhí iarracht “d’iomrall na comhbhá” ag baint leis an ghaoth agus chuir tafann an mhadaidh leis an anacair ann.

#### Acmhainní a úsáideadh:

<https://www.theguardian.com/artanddesign/gallery/2012/jan/20/big-picture-homeless-lee-jefferies>

<http://www.bbc.co.uk/news/uk-northern-ireland-35860690>

<https://spinditty.com/playlists/10-Songs-for-the-Melancholy-Mood>

<http://www.bbc.co.uk/education/topics/zm72pv4>

## An toradh deiridh

Ag an pointe seo, ba chóir go mbeadh na fuaimeanna bailithe agat, eagraithe agat agus cleachtadh déanta orthu le leathán ciúnna. Críochnófar an plota deiridh fuaime le ciúnna aitheanta, ar a n-áirítear na ceithre staid dhifriúla fuaime. Beidh fad ama, aird agus línte aitheanta agus marcáilte cheana.

Beidh taifeadtaí samplacha ar fáil don scrúdaitheoir. Beidh ort láithreoireacht 5–7 nóiméad a thabhairt maidir le roghanna fuaime agus do shamplaí. Is cleachtadh maith é an láithreoireacht a scannánú, cé nach bhfuil sin riachtanach.

## Fuaim don Taibhiú Scriptithe Comhpháirt 2

### Cuir scileanna amharclannaíochta i bhfeidhm le cuspóirí ealaíonta a fhiorú sa taibhiú

Le linn an phróisis de do **dhearadh fuaime** don **taibhiú scriptithe** a chruthú, a fhorbairt agus a fhiorú, ba chóir duit comhad fianaise a thiomsú a dtig leat é a úsáid i do chur i láthair deiridh le tacú le do smaointe ar an dearadh fuaime. Tugann an doiciméad mar seo in iúl an cineál fianaise ar chóir í a chur isteach.

#### Seicliosta de riachtanais sa láithreoireacht 5–7 nóiméad

- Rannán 1 – coincheap deartha don taibhiú a dhéanann machnamh ar chúlra, stíl agus seánra na scripte.
- Rannán 2 – réasúnaíocht do cheithre staid fuaime, ag trácht ar: giúmar, comhthéacs agus coincheap.
- Rannán 3 – tugtar cur síos imlíneach ar an phróiseas den choincheap deartha a chur i bhfeidhm le brí a chur in iúl agus le cuspóirí ealaíonta a chur i gcrích (agus taifeadtaí samplacha san áireamh).
- Rannán 4 – an plota deartha deiridh don fhuaim le ciúnna a sainaithníodh, lena n-áirítear na ceithre staid fuaime dhifriúla.

## Torthaí Foghlama

### Smaointe a chruthú

Ba chóir go mbeadh daltaí deartha ábalta smaointe a chruthú trí thaighde a dhéanamh ar na rudaí seo a leanas:

- réimse de scrípteanna do dhrámaí foilsithe;
- cleachtas gairmiúil d'fhuaim a chruthú;
- acmhainní agus ábhair atá ar fáil i bhforbairt na dearthaí fuaime;
- réimse seánraí, stíleanna agus cleachtóirí.

Ba chóir go mbeadh daltaí fuaime mar chuid de phróiseas comhoibritheach an ghrúpa. Ba chóir dóibh bheith ábalta scrípteanna dráma a fhiosrú agus iad a roghnú dá réir. Ba chóir dóibh líon na ndaoine, a stíleanna agus a scileanna a thabhairt san áireamh taobh istigh den ghrúpa. Is é a bheas sa chéad chuid den taighde ná taighde a dhéanamh ar stíl agus ar sheánra an dráma.

## Taighde a dhéanamh

### Comhthéacs, Stíl agus Seánra

An comhthéacs do script, baineann sé leis na fíricí nó na tosca a bhaineann le dráma. Is den tábhacht go ndéanfadh an stiúrthóir, na haisteoirí agus na dearthóirí taighde ar an chomhthéacs agus go dtuigfeadh siad é. Go ginearálta, sainmhínítear an comhthéacs i dtéarmaí chúlra sóisialta, cultúrtha agus stairiúil an dráma.

### Comhthéacs Sóisialta

Tá an comhthéacs sóisialta nasctha le tréimhse ama an dráma agus go ginearálta, sainmhíononn sé na carachtair mar bhaill den lucht oibre, den mheánaicme nó den uasaicme. Tionchair sheachtracha a imrítear ar shaol an dráma, tá siadsan mar chuid den chomhthéacs shóisialta fosta, agus thig leo tosca a chuimsiú ar nós cogaidh, gorta, corraíl shóisialta agus tionchar na dteicneolaíochtaí nua nó dálaí maireachtála san am.

### Comhthéacs Cultúrtha

Comhthéacs cultúrtha, baineann sé leis an dóigh a dtig le luachanna agus dearcthaí na tréimhse dul i bhfeidhm ar na rudaí a dhéanann carachtair sa dráma. Is féidir le bunús eitneach na gcarachtar tionchar a bheith acu fosta ar an dóigh a labhraíonn siad agus ar na rudaí a dhéanann siad agus ar fhorbairt an phlota. Is féidir le comhthéacs cultúrtha a bheith i gceist le patrúnacht ríoga a bheith ag dráma nó tionchair an oideachais chuimsithigh.

### Comhthéacs Stairiúil

Is é an comhthéacs stairiúil an cúlra don tréimhse ama a bhfuil an dráma suite ann agus tagraíonn sé do rudaí atá ag tarlú, i dtéarmaí na polaitíochta agus an mheoin ghinearálta agus dearcadh an phobail chomh maith le fioreachtraí stairiúla.

### Stíl

Is féidir stíl a shainmhíniú mar an dóigh a ndéantar an dráma a thaibhiú agus a chur in iúl don lucht féachana agus is féidir smaointe a bheith ann amhail áibhéil, ardfhuinneamh agus fisiciú. Is féidir stíl a shainmhíniú fosta trí thagairt a dhéanamh do chleachtóirí. Is féidir tagairt a dhéanamh fosta do stíl na gcompántas amharclannaíochta.

### Seánra

Tá an focal seánra ag tagairt do chatagóir nó cineál na hamharclannaíochta. Is iad an dá chineál is sine ná greann agus traigéide. Tagann Nádúrachas ó shaothair drámadóirí ó bhlianta malla an 19ú haois; scríobhadh na drámaí seo mar fhrithghníomh ar sheánra míréadúil na Méaldrámaí. Tá treocht san amharclannaíocht faoi láthair i dtreo cur chuige Neamhnádúraíocht agus is féidir sin a fheiceáil i ndrámaí ar nós *'The Thirty Nine Steps'* agus *'The Curious Incident of the Dog in the Night-Time.'*

### Gníomhaíocht Foghlama:

I ndiaidh don ghrúpa agat an script a roghnú don taibhiú, smaoinigh ar na rudaí seo a leanas:

- comhthéacs sóisialta, cultúrtha agus stairiúla na scrípte;
- stíl agus seánra na scrípte;
- an dóigh a rachaidh an comhthéacs, stíl agus seánra i bhfeidhm ar do dhearadh.

### Taighde a dhéanamh ar réimse ábhar agus trealamh

Nótaí a léamh ar threalamh fuaime, ar chineálacha trealaimh agus ar chineálacha fuaime atá le fáil i dtús an doiciméid seo mar eolas.

#### Túsphointe

- Éifeachtaí fuaime agus ceoil a chuardach, ag smaoinemh ar an dóigh a dtig leat an fhaisnéis seo a íoslódáil agus a stóráil go dleathach agus go sábháilte;
- Taighde a dhéanamh ar aon bhogearraí eagarthóireachta a bheadh de dhíth;
- Liosta a dhéanamh de threalamh atá ar fáil duit taobh istigh den roinn;
- Taighde a dhéanamh ar Cdanna d'éifeachtaí fuaime agus iad a úsáid le do choincheap fuaime a fhorbairt;
- Taighde a dhéanamh ar fhuaimneanna ar féidir iad a chur i bhfeidhm ar an tsuíomh, ar an stíl, ar an tréimhse, ar an chomhthéacs, ar an tseánra agus ar an atmaisféar.

Taighde a dhéanamh ar an chleachtas ghairmiúil sa dearadh don taibhiú (agus smaointe a chur i bhfeidhm) An fhaisnéis a léamh ar chleachtas gairmiúil agus ar chleachtóirí i dtús an chomhaid fíricí fuaime seo. Ba chóir duit taighde a dhéanamh ar aon fhaisnéis ar léiriúcháin san am atá thart den dráma agat agus smaointe a bhailiú ó léiriúcháin a rinneadh roimhe. Déan nótaí ar na fuaimeanna a d'úsáid tú agus an dóigh ar cruthaíodh na fuaimeanna seo. Smaoinigh faoi fhad agus airde agus cé acu fuaimeanna beo nó fuaimeanna taifeadta iad.

Anois, ní mór duit do **cheithre staid fuaime** a thiomsú agus a úsáid don léiriúchán agat.

### Eiseamláir: 'A Streetcar Named Desire.'

Gach uair dá mbíonn Blanche ag smaoineamh ar a fear céile atá marbh, bíonn polca á sheinm sa chúlra. Léiríonn seo a cumha ina dhiaidh (mar seo an ceol ab ansa leo). Tá an ceol ina shiombail den dóigh a bhfuil saol Blanche ag titim as a chéile. Cuireann luas an pholca leis an mhothú den scaoll agus chaillteanas. Beidh an ceol polca as a riocht sa chiú deiridh fuaime lena léiriú an dóigh ar éirigh an intinn s'aici curtha as a riocht, tríd a chéile agus leis an chontúirt mhéadaitheach sa dráma a léiriú.

Seasann an polca *Varsouviana* don am atá thart. Ba é sin an ceol a bhí ag seinm nuair a chuir an chéad fhear céile a bhí ag Blanche lámh ina bhás féin. Bíonn sé á sheinm i lúb beagnach an t-am ar fad i gcloigeann Blanche agus bíonn urchar gunna leis i gcónaí. Na héifeachtaí fuaime in 'A Streetcar Named Desire', ní hamháin go bhfuil siad ansin le timpeallacht a chruthú agus le cur leis an atmaisféar. Cuireann siad teannas somhothaithe isteach ar fud an phíosca agus tagann siad idir Blanche agus a codladh agus a scíth. Na héifeachtaí fuaime atá liostaithe in 'A Streetcar Named Desire', d'fhéadfá a rá gur fuaimeanna míchompordacha iad, a chuidíonn le cur leis an mhothú den anacair a bhí Tennessee Williams ag iarraidh a chruthú. Tá éifeachtaí féideartha agus iarbhír (mar atá liostaithe sa téacs) mar a leanas:

- cat ag scréachach nuair a chastar Stanley agus Blanche ar a chéile den chéad uair, rud a bhaineann léim as Blanche;
- maisíocht fuaime de thraein ag dul thart in aice leo;
- fuaim tuairteála;
- troscán á leagan le linn troda;
- fuaim scairteanna ar an tsráid i dtús radharc a ceathair;
- fuaim urchar gunna i bhfad ar shiúl;
- fuaim guthanna neamhdhaonna a thagann timpeall ar Blanche agus í ag titim as a chéile agus a théann i bhfeidhm uirthi.

Uimhir Chiú	Teideal/Rian	Sonraí	Fad ama	Líne/Ciú
Ciú 1	Rian 1 seinnliosta	Cat ag meamhlach – Céimnigh suas	2 shoicind	Stanley – Well, take it easy

### Gníomhaíocht Foghlama:

- Scríobh faoi mhothú agus faoi chomhthéacs na scrípte a roghnaigh tú.
- Déan nótaí ar na cuspóirí ealaíonta a bhí agat.
- Déan nótaí ar an dóigh ar thaifead/ioslódáil/chruthaigh/stóráil tú fuaimeanna.
- Scríobh do chiúnna fuaime.
- Ullmhaigh do cheithre thaifead shamplacha mar chuid de do láithreoireacht.
- Anois, comhlánaigh an dara cuid de do láithreoireacht deartha a tógadh ó leathanach 47 den tsonraíocht.

### **An táirge deiridh – láithreoireacht 5–7 nóiméad**

Ag an pointe seo, ba chóir go mbeadh na fuaimeanna bailithe agat, eagraithe agat agus cleachtadh déanta orthu le leathán ciúnna. Críochnófar an plean deiridh fuaime le ciúnna aitheanta, ar a n-áirítear na ceithre staid dhifriúla fuaime. Beidh fad ama, aird agus línte aitheanta agus marcáilte cheana.

I do láithreoireacht, beidh nótaí ar stíl, seánra, struchtúr, atmaisféar chomh maith le tagairtí do chomhthéacs an dráma. Beidh roinnt taighde déanta agat ar léiriúcháin a rinneadh roimhe agus beidh úsáid bainte agat as na nótaí seo le dearadh, pleanáil agus forbairt a dhéanamh ar choincheap fuaime de do chuid féin. Ba chóir go mbeadh gach gné i do láithreoireacht i rannán 1–4 de na riachtanais don fhuaim ar leathanach 47 den tsonraíocht.

Beidh taifeadtaí samplacha ar fáil don scrúdaitheoir. Beidh ort láithreoireacht 5–7 nóiméad a thabhairt maidir le roghanna fuaime agus do shamplaí. Déanfar seo a thaibhiú sula ndéanann do ghrúpa an píosa ceaptha a thaibhiú.

- Cuirtear i gcuimhne d'iarratasóirí gur féidir leo a láithreoireacht a thaifeadadh ar ceamara. Agus sin ráite, níl seo éigeantach.

## Aguisín 1

### Plean Stáitse

Bain úsáid as an teimpléad bán thíos lena phleanáil an áit a gcuirfidh tú do challairí don taibhiú a bhfuil tú ag obair air. Is féidir iad seo a bheith greamaithe agus a oibriú ón deasc mheasctha, nó b'fhéidir go mbeifeá ag úsáid callairí iniompartha á n-oibriú ó thaobh an stáitse.

- Marcáil na bealaí amach/bealaí isteach.
- Marcáil fearais stáitse.

**Stáitse**

**Lucht féachana**

### Míniú ar roghanna





### Aguisín 3 Leabharliosta

McGuire, B (2001) *Technical Companion to Drama*, Caibidil 2, Sound, lgh 30–40.

<http://www.associationofsounddesigners.com/whatis>

<http://www.garethfry.co.uk/qas-for-students/>

[http://www.hcs.harvard.edu/~htag/handbook/?q=wiki/sound\\_systems](http://www.hcs.harvard.edu/~htag/handbook/?q=wiki/sound_systems)

[http://www.bbc.co.uk/newtalent/drama/advice\\_diey.shtml](http://www.bbc.co.uk/newtalent/drama/advice_diey.shtml)

<http://www.kvl.cch.kcl.ac.uk/THEATRON/biographys/bioappia.html>

[https://www.theguardian.com/stage/theatreblog/2008/oct/03/theatre\\_sound.design](https://www.theguardian.com/stage/theatreblog/2008/oct/03/theatre_sound.design)

<http://www.bbc.co.uk/news/uk-northern-ireland-35860690>

<https://spinditty.com/playlists/10-Songs-for-the-Melancholy-Mood>

<http://www.bbc.co.uk/education/topics/zm72pv4>

<http://www.bbc.co.uk/education/guides/z39x34j/revision/5>

[http://www.hcs.harvard.edu/~htag/handbook/?q=wiki/sound\\_design](http://www.hcs.harvard.edu/~htag/handbook/?q=wiki/sound_design)

